Tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí micreastuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta, maoirseacht grúpa agus trasteorann

[COM(2021) 581 final — 2021/0295 (COD)]

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2009/138/CE, (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012

[COM(2021) 582 final — 2021/0296 (COD)]

(2022/C 275/08)

Rapóirtéir: **Jörg Freiherr FRANK VON FÜRSTENWERTH**

Comhrapóirtéir: **Christophe LEFÈVRE**

Comhairliúchán	Parlaimint na hEorpa, 22/11/2021
	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 26/11/2021
Bunús dlí	Airteagal 114 agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	8/2/2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23/2/2022
Seisiún iomlánach Uimh.	567
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	169/0/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1 Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar aon fhocal leis an gCoimisiún Eorpach faoi gur éirigh go maith leis an gcreat rialála Sócmhainneacht II atá bunaithe ar thrí cholún, mar atá, ceanglais chaipitil chainníochtúla, struchtúr eagrúcháin agus maoirseachta, agus tuairisciú agus trédhearcacht. Mar sin féin, i bhfianaise na taithí a fuarthas as géarchéim an fhiachais cheannasaigh, as beartas an ráta úis ísil, as an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 nuair a bhris sí amach i dtosach, paindéim nach bhfuil thart go fóill, agus toisc go dtuigtear go mbeidh géarchéimeanna eile ann, ba cheart an creat rialála sin a choigeartú.

1.2 Is díol mór sásaimh do CESE go bhfuil an Coimisiún Eorpach ag tabhairt aghaidh ar shaincheist na rioscaí sistéamacha in earnáil an árachais. Tá athrú ag teacht ar phróifíl riosca na n-árachóirí. I bhfianaise na géarchéime aeráide, tá tábhacht ar leith ag baint leis an earnáil árachais a mhéid a bhaineann sé le hárachas i gcoinne éifeachtaí an athraithe aeráide agus rioscaí nua comhshaoil (e.g. an bhithéagsúlacht). Bíonn rioscaí níos airde roimh na hárachóirí freisin ina ról mar infheisteoirí. Níl measúnú cuí á dhéanamh, go háirithe, ar rioscaí maoine, rioscaí dliteanais ná rioscaí aistrithe a bhaineann leis an athrú aeráide.

1.3 Tacaíonn CESE leis an gcuspóir atá ag an gCoimisiún Eorpach creat rialála a chruthú ina mbeadh ról níos mó ag an earnáil árachais mar infheisteoir chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú agus chun iarmhairtí COVID-19 agus an t-athrú aeráide a chomhrac. Ag an am céanna, cuireann CESE chun suntais an leas mór atá ag an tsochaí shibhialta i gcobhsú na hearnála airgeadais agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí diancheanglais chaipitil agus ullmhachta riosca a áirithiú in earnáil an árachais. D'fhágfadh éagobhsaíocht san earnáil árachais go mbainfí go mór de na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus chun an phaindéim a shárú.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1 *Cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh*

2.1.1 Tá CESE ar aon fhocal leis an gCoimisiún Eorpach faoi gur éirigh go maith leis ag an gcreat rialála Sócmhainneacht II atá bunaithe ar thrí cholún, mar atá, ceanglais chaipitil chainníochtúla, struchtúr eagrúcháin agus maoirseachta, agus tuairisciú agus trédhearcacht. D'fhág an creat sin gur éirigh le hearnáil árachais na hEorpa teacht trí shuaitheadh ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh, trí bheartas leanúnach an ráta úis ísil, rud atá fós amhlaidh, agus tríd an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 nuair a bhris sí amach i dtosach, paindéim nach bhfuil thart go fóill. Measann CESE go bhfuil sé úsáideach agus riachtanach an tátal cuí a bhaint as an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha, go háirithe maidir le saincheisteanna comhréireachta agus leis na ceanglais chaipitil agus ullmhachta riosca. Is iad an dá ghné dheireanacha sin, go háirithe, a chinntíonn riachtanais chaipitil na ngnóthas agus, dá bhrí sin, an ról is féidir leis na hárachóirí a imirt mar sholáthróirí táirgí agus mar infheisteoirí sa gheilleagar.

2.2 *Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais*

2.2.1 Beartais a bhfuil an-tábhacht ag baint leo is ea cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus téarnamh ó phaindéim COVID-19, agus teastaíonn suimeanna móra caipitil phoiblí agus phríobháidigh chun an méid sin a dhéanamh. Is infheisteoir fadtéarmach ag a bhfuil punann infheistíochtaí os cionn EUR 10 dtrilliún in 2020 í earnáil árachais na hEorpa, rud a chiallaíonn go bhfuil sé d'acmhainn inti ranníocaíocht i bhfad níos airde a dhéanamh ná mar atá á dhéanamh faoi láthair chun an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, chomh maith le tionscadail bhonneagair agus tithíocht inacmhainne, a mhaoiniú. Tá an acmhainn atá inti sin a dhéanamh ag brath, den chuid is mó, ar na ceanglais chaipitil agus ullmhachta riosca atá sa chreat Sócmhainneacht II.

2.2.2 Tacaíonn CESE leis an gcuspóir atá ag an gCoimisiún Eorpach creat rialála a chruthú ina mbeadh ról níos mó ag an earnáil árachais mar infheisteoir chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú agus chun iarmhairtí COVID-19 a chomhrac. Ag an am céanna, cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá sé gan dochar a dhéanamh do chuspóirí cosanta an chreata Sócmhainneacht II, eadhon daoine árachaithe agus tairbhithe a chosaint agus an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. D'fhéadfaí an chosaint sin a chur i mbaol, áfach, dá dtarlódh sé, d'fhonn tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, nach ndéanfaí dianmheasúnú riosca ar infheistíochtaí na n-árachóirí. Maidir leis na rialacha cosanta tomhaltóirí a fhoráiltear sa chreat Sócmhainneacht II, ba cheart a áirithiú go gcuimseoidh siad infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí na hearnála árachais in earnálacha ina n-infheistíonn árachóirí ar bhonn iarratas ó na húdaráis nó ón rialtas. Féadfar na hinfheistíochtaí sin a chúiteamh nó a phionósú de réir an cháis. I gcás ar bith, ní mór aon infheistíocht faoin gComhaontú Glas don Eoraip nó, mar shampla, faoin ionstraim théarnaimh NextGenerationEU, a bheith faoi réir an mheasúnaithe riosca chéanna a dhéantar maidir le gach infheistíocht eile. Le gur féidir maoirseacht inbhuanaithe a dhéanamh ar an árachas, teastaíonn measúnú riosca fianaisebhunaithe agus an caipiteal a thomhas bunaithe ar an measúnú sin. Is díol sásaimh do CESE an cur chuige atá ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana maidir le ceanglais chaipitil chun na cásanna sin inar cruthaíodh ceanglais mhíchuí (iomarcacha nó easnamhacha) a dhéanamh amach. Léiríonn na tograí ón gCoimisiún Eorpach an méid solúbthachta a d'fhéadfaí a chruthú dá thoradh sin amháin. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil na ceanglais chaipitil ró-íseal (e.g. rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide), ní mór iad a ardú chun cobhsaíocht na hearnála a áirithiú.

2.2.3 Tacaíonn CESE le hiarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh beart breise suntasach a dhéanamh ar mhaithe le hAontas na Margaí Caipitil a chur i gcrích. Dá gcuirfí an margadh aonair i gcrích, bheadh sé níos éasca an téarnamh ó phaindéim COVID-19 agus an Comhaontú Glas don Eoraip a mhaoiniú, díreach toisc go bhféadfadh tomhaltóirí dul chun cinn breise a fheiceáil maidir le fíormhargadh aonair a chruthú sna margaí airgeadais, ainneoin a lán bacainní dlíthiúla agus réadúla a bheith ann fós maidir le hAontas na Margaí Caipitil a bhunú.

2.2.4 Is díol sásaimh do CESE an smaoineamh gur cheart ról níos láidre a bheith ag an earnáil árachais i maoiniú an aistrithe ghlais. Ba cheart don earnáil árachais gach iarracht a dhéanamh freisin gach tionchar diúltach a bheadh ag a cuid infheistíochtaí caipitil agus gníomhaíochtaí árachais ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí a mhaolú. Tá ciall leis nasc a chruthú le tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí spriocanna inbhuanaitheachta sóisialta a chur san áireamh go córasach, ós rud é, tar éis an tsaoil, gur riosca níos mó a bheadh ann mura n-urramófaí cearta oibrithe agus cearta an duine.

2.2.5 Foráiltear sna tograí go ndéanfaí simpliú ar phointí áirithe de chreat casta Sócmhainneacht II. Is maith an rud é sin. Níl aon chiall leis go mbeadh ar úsáideoirí samhlacha inmheánacha tuairiscí a chur isteach amhail is dá mbeidís ag baint úsáid as an bhfoirmle chaighdeánach agus ba cheart diúltú don mhéid sin. Ní mór tuairisciú dúbailte a sheachaint.

2.3 *Gníomhartha tarmligthe*

2.3.1 Is eol do CESE go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach rialacha áirithe a leagan síos, go háirithe rialacha teicniúla, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Fógraíonn an Coimisiún líon mór tograí a bhfuil sé i gceist aige a chur chun feidhme trí ghníomhartha tarmligthe. Bíonn tábhacht mhór leis na tograí sin agus leas eacnamaíoch mór ag baint leo. Ar shamplaí áirithe díobh tá an coigeartú luaineachta, an coigeartú meaitseála agus an t-eachtarshuíomh, chomh maith leis an gcinneadh an-pholaitiúil faoin méid ar cheart maoiniú an Chomhaontaithe Ghlais a éascú agus faoi na teorainneacha ba cheart a chur i bhfeidhm ina leith sin maidir leis an measúnú riosca ar infheistíochtaí. Molann CESE go ndéanfaí, anseo agus in áiteanna eile, saincheisteanna tábhachtacha eacnamaíocha a ghlacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach ina mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach agus ina rachfaí i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta, seachas iad a ghlacadh mar ghníomhartha tarmligthe. Sula nglacfar an pacáiste Sócmhainneacht II, ba cheart léargas soiléir a bheith ag Parlaimint na hEorpa, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag CESE ar inneachar agus ar thionchar na ngníomhartha tarmligthe.

2.4 *Meastóireacht ar choigeartú an chreata — Measúnuithe tionchair: Iomaíochas*

2.4.1 Molann CESE gur cheart, sna blianta beaga atá le teacht, meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an loighic ar a bhfuil creat rialála Sócmhainneacht II bunaithe. Tá na creatchoinníollacha athraithe go mór idir an dá linn agus leanfaidh siad de bheith ag athrú, rud a fhágann nach bhfuil aon dul as ach meastóireacht a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, b'fhiúntach an rud a bheadh ann dá ndéanfaí seiceáil iomaíochta ar an tionchar a bheadh ag na rialacha nua ar iomaíochas earnáil árachais na hEorpa i gcomparáid le hiomaitheoirí ar an margadh domhanda.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1 *Comhréireacht agus tairseacha*

3.1.1 Is díol sásaimh do CESE na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach chun prionsabal na comhréireachta a neartú. Tá tábhacht ar leith ag baint le simpliú an chreata rialála, creat atá an-chasta faoi láthair agus a chuireann ualach trom ar árachóirí níos lú a bhíonn níos neamhchosanta ar rioscaí, ar grúpa tábhachtach den éagsúlacht réigiúnach iad. Is fíor gur cheart na ceanglais bainistithe riosca agus na ceanglais tuairiscithe faoin gcreat Sócmhainneacht II a athbhreithniú agus a choigeartú ar bhonn riailbhunaithe. Mar sin féin, is mór an trua é gur méid an ghnóthais an t-aon chritéar a chuirtear san áireamh go fóill agus nach ndéantar aon chomparáid idir raon feidhme na gceanglas stuamachta agus na rioscaí a bhfuil an t-árachóir neamhchosanta orthu sa tsamhail ghnó.

3.1.2 Buntáiste tábhachtach atá ag margadh árachais na hEorpa ná an éagsúlacht mhór árachóirí móra agus beaga ar an margadh, idir árachóirí atá gníomhach go hidirnáisiúnta agus árachóirí a bhfuil seasamh láidir acu i réigiún, chomh maith leis an éagsúlacht mhór foirmeacha dlíthiúla, e.g. cuideachtaí poiblí teoranta nó comharchumainn. Níor cheart an éagsúlacht sin a chur i mbaol trí ualach rómhaorlathais a chur ar na hárachóirí.

3.2 *Bearta ráthaíochta fadtéarmacha*

3.2.1 Tacaíonn CESE leis an rún atá ag an gCoimisiún Eorpach cabhrú leis an earnáil árachais, trí cheanglais chaipitil níos iomchuí a thabhairt isteach, le go mbeidh ról níos mó aici maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a mhaoiniú, an t-athrú aeráide agus iarmhairtí an athraithe sin a chomhrac agus dul i ngleic le hiarmhairtí phaindéim COVID-19. Níor cheart go gclisfeadh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais de thoradh maoiniú easnamhach a bheith curtha ar fáil don aistriú go geilleagar inbhuanaithe, agus níor cheart na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur i mbaol mar gheall ar cheanglais chaipitil easnamhacha a d'fhágfadh go mbeadh gníomhaíochtaí a dhéanann an-truailliú brabúsach mar infheistíocht. Beidh an t-athbhreithniú ar na rialacha maidir leis na ceanglais chaipitil ar an rud is tábhachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach nach ndéanfaí an creat Sócmhainneacht II a leasú ach amháin a mhéid a theastaíonn le nach gcuirfear na cuspóirí stuamachta maidir le daoine árachaithe agus tairbhithe a chosaint, agus cuspóir na cobhsaíochta airgeadais, i mbaol. Is é an aidhm ba cheart a bheith ann ná an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, árachóirí a spreagadh infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar chuspóirí sóisialta agus comhshaoil agus, ar an taobh eile, na ceanglais stuamachta. Níor baineadh an aidhm sin amach go fóill.

3.2.2 Tacaíonn CESE leis na tograí ón gCoimisiún maidir leis an luaineacht ó infheistíochtaí fadtéarmacha a laghdú tríd an gcoigeartú luaineachta atá beartaithe. Ag an am céanna, áfach, fágann siad go méadaítear ar an luaineacht trí athrú chuig coigeartú coibhneasta i leith an riosca (asbhaint chéatadánach ó raonta difríochta). Is mó dochar ná maitheas a dhéanann sin. Níl sé soiléir cén fáth nár cheart cloí leis an gcoigeartú riosca reatha.

3.2.3 Is iomchuí iad na tograí ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gcorrlach riosca a choigeartú (e.g. ráta costais caipitil 5 %; gan fachtóir na leachtachta a chur san áireamh), maidir le riosca an ráta úis agus maidir leis an ngaol idir an riosca raon difríochta agus riosca an ráta úis, gan cuspóirí cosanta an chreata Sócmhainneacht II a chur i mbaol. Ní mór aird ar leith a thabhairt, áfach, ar thograí Leibhéal 2, ós rud é, ainneoin go bhféadfadh feabhas ginearálta teacht as na tograí sin, go bhféadfadh éifeacht dhochrach a bheith acu ar phunanna infheistíochta na n-árachóirí beaga agus meánmhéide.

3.2.4 Is díol sásaimh do CESE i bprionsabal na tograí ón gCoimisiún Eorpach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta d'aicme na n-infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha, agus an chobhsaíocht airgeadais á háirithiú ag an am céanna. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé níos éasca ag gnóthais árachais leas a bhaint as láimhseáil fhabhrach caipitil nuair a sholáthraíonn siad caipiteal fadtéarmach don gheilleagar, ar choinníoll go n-infheistítear an caipiteal sin i gcomhréir leis na cuspóirí sóisialta agus comhshaoil. Is gá rialacha róchasta a sheachaint. Arís eile, ní féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh gan eolas a chur ar thograí Leibhéal 2.

3.2.5 Tá sé fógartha ag an gCoimisiún Eorpach go bhfuil sé de rún aige modh nua eachtarshuímh a chur i láthair. Modh áirimh atá san eachtarshuíomh a fhágann gur féidir cúlchistí a chruthú le haghaidh polasaithe árachais a dtéann a n-aibíocht thar an tréimhse inar féidir faisnéis iontaofa a fháil ón margadh caipitil maidir le rátaí úis saor ó riosca. Is fachtóir riachtanach é an modh sin chun cúlchistí agus, dá réir sin, an gá a bheadh ann le hacmhainní dílse, a thomhas. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an eachtarshuíomh san árachas saoil, ach ní ann sin amháin. D'admhaigh an Coimisiún Eorpach féin sa Teachtaireacht COM(2021) 580 final go n-imreoidh an togra a dhéanfaidh sé a thíolacadh níos déanaí trí bhíthin gníomh tarmligthe tionchar suntasach ar chaipiteal na n-árachóirí i roinnt margaí. Fágfaidh an tionchar suntasach sin go mbeidh riachtanais bhreise chaipitil os cionn 10 % ann i gcás an árachais neamhshaoil i gcomparáid leis na meastacháin a rinneadh go dtí seo, rud a thagann salach ar na héifeachtaí a bheadh ag scaoileadh chaipiteal na n-árachóirí. Creideann CESE gur cheart bearta atá chomh forleathan sin a chinneadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

3.3 *Anailís ar chásanna aeráide agus sainordú ÚEÁPC* ([1]) *maidir le rioscaí inbhuanaitheachta*

3.3.1 Tacaíonn CESE go hiomlán leis gur cheart d'árachóirí gach neamhchosaint ábhartha ar rioscaí an athraithe aeráide a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar meántéarmach agus fadtéarmach a bheadh acu ar a ngnó. Molann CESE go gcuimseofaí gach riosca comhshaoil faoin anailís cásanna sin agus go gcuirfí coincheap na hábharthachta dúbailte i bhfeidhm maidir leis na ceanglais sin. Ba cheart a cheangal ar na hárachóirí freisin measúnú a dhéanamh ar thionchar a ngníomhaíochtaí ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol i gcoitinne agus, i gcás inarb iomchuí, an tionchar sin a mhaolú.

3.3.2 Is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún Eorpach sainordú a thabhairt do ÚEÁPC coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na ceanglais chaipitil a bhaineann le rioscaí inbhuanaitheachta a mholadh i dtuarascáil faoin 28 Meitheamh 2023, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach. Is ceart saincheisteanna ginearálta den sórt sin a phlé ar bhonn fianaise eimpíreach. Measann CESE, áfach, nach bhfuil an spriocdháta chun an tuarascáil a chur isteach uaillmhianach go leor. Ní mór gníomhú go tapa chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú. Tugann CESE le fios cheana féin go mbeidh baint ag na ceachtanna a bhainfear as na tograí sin le saincheisteanna bunriachtanacha maidir le maoiniú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Toisc gur de chineál polaitiúil seachas de chineál teicniúil iad ba cheart, i dtuairim CESE, déileáil leo tríd an ngnáthnós imeachta reachtach a bhfuil baint ag Parlaimint na hEorpa leis.

3.4 *Maoirseacht ghrúpa*

3.4.1 Tá sé léirithe ag an gcleachtas maoirseachta go bhfuil laigí rialála sa mhaoirseacht ghrúpa. Tacaíonn CESE leis na tograí ón gCoimisiún Eorpach maidir le cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a thabhairt faoi raon feidhme chreat stuamachta an Aontais. Ó thaobh an tomhaltóra de, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil cur i láthair seachtrach grúpa trédhearcach maidir lena dhliteanais.

3.5 *Ról na ngnóthas árachais le linn paindéimí agus teagmhais eile is cúis le suaitheadh eacnamaíoch ar mhórscála*

3.5.1 Aontaíonn CESE le tuairim an Choimisiúin Eorpaigh gur léirigh an phaindéim go bhfuil gá le faisnéis níos soiléire agus níos simplí faoi théarmaí agus coinníollacha an chumhdaigh árachais agus na ráthaíochtaí do thomhaltóirí, go háirithe maidir le hárachas i leith briseadh gnó agus árachas taistil, agus gur gá a áirithiú ar bhonn leanúnach go mbeidh na táirgí árachais i gcomhréir le riachtanais na dtomhaltóirí. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh tomhaltóirí in ann a gcearta a fhorfheidhmiú. Dealraíonn sé nach bhfuil an mhaoirseacht a dhéantar ar tháirgí árachais sásúil faoi láthair. Tá CESE ag áitiú ar an gCoimisiún é a iarraidh ar ÚEÁPC tograí sonracha a ullmhú maidir leis an gcaoi is fearr is féidir an fhadhb sin a réiteach, fadhb nach inniu ná inné a tháinig sí chun solais.

3.5.2 Fágann an phaindéim, na héifeachtaí atá ag an athrú aeráide — atá ag teacht chun cinn san Eoraip mar dhóiteáin foraoise, triomaigh, críonadh siar foraoise, báisteach throm agus tuilte ar scálaí nach bhfacthas a leithéid cheana — agus ollbhagairtí nua, amhail rioscaí cibearshlándála, go bhfuil tábhacht leis go mbeadh cumhdach árachais ar fáil do na teagmhais sin, ar teagmhais iad a tharlóidh níos minice uaidh seo amach. Tacaíonn CESE go láidir le plean an Choimisiúin Eorpaigh tús a chur le hidirphlé ar an athléimneacht aeráide faoi 2022, ina dtabharfar le chéile árachóirí, athárachóirí, údaráis phoiblí agus geallsealbhóirí ábhartha eile. Molann CESE gur cheart d'ionadaithe ón tsochaí shibhialta a bheith páirteach san idirphlé sin ón tús.

([1]) An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde.

3.6 *Scéimeanna ráthaithe árachais, téarnamh agus réiteach, agus bearta maoirseachta nua*

3.6.1 Níl aon rud luaite sa togra ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an meascán mearaí de scéimeanna ráthaithe árachais san Eoraip a chomhchuibhiú, ainneoin go dtugann na scéimeanna sin cosaint thábhachtach in am an éigin do dhaoine árachaithe agus do thairbhithe. D'fhágfadh córas uile-Eorpach de scéimeanna ráthaithe árachais, ina gcuirfí san áireamh nádúr na dtáirgí agus an gá atá ag tomhaltóirí le cosaint, go dtiocfadh fás mór ar an muinín a chuirfí i margadh aonair Eorpach árachais. Mar a mhol ÚEAPC, measann CESE go bhfuil géarghá le, ar a laghad, tacar íosphrionsabal a chomhchuibhiú maidir le scéimeanna ráthaithe árachais. Os a choinne sin, mar a thug an Coimisiún Eorpach le fios, creideann CESE freisin go gcuirfeadh sin ualach mór airgeadais ar na margaí árachais i mBallstáit áirithe nach bhfuil córais acu go fóill maidir le scéimeanna ráthaithe árachais, agus measann na Ballstáit sin go mbeadh a leithéid míréasúnta faoi láthair ag an gcéim seo den téarnamh ó ghéarchéim COVID-19. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, mar chéad chéim, togra a ullmhú go pras le haghaidh creat íosta do scéimeanna ráthaithe árachais chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, creat ina gcuimseofaí idirthréimhse iomchuí agus nach gcuirfeadh ualach rómhór ar na margaí.

3.6.2 Leis an togra maidir le téarnamh agus réiteach ([2]), tá an Coimisiún Eorpach ag cur leis na huirlisí maoirseachta le go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta in ann gníomhú ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla i gcás géarchéim eacnamaíoch agus, go háirithe, i gcás géarchéim atá ag teacht chun cinn. Ar na huirlisí sin tá, freisin, bearta amhail pleanáil choisctheach téarnaimh agus réitigh, lena n-áirítear ar leibhéal an ghrúpa. Tá na huirlisí agus na cumhachtaí réitigh sonraithe sa togra. Mar sin féin, ní dhéantar idirdhealú soiléir, áfach, eatarthu sin agus na bearta maoirseachta atá ann cheana sa chreat Sócmhainneacht II. Ar an iomlán, caitear amhras in a lán áiteanna ar an "dréimire idirghabhála", ainneoin toradh maith a bheith air go dtí seo, toisc go bhfuil sé beartaithe na cumhachtaí nua idirghabhála a úsáid fiú sula sáraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le rialacha an dréimire idirghabhála. Ba cheart do na rialacha maidir le réiteach cur chuige comhchuibhithe a éascú ar leibhéal an ghrúpa, go háirithe i gcás grúpaí airgeadais mheasctha.

3.6.3 Cúis amháin ar a bhféadfaí cur i gcoinne na dtograí is ea gur léirigh paindéim COVID-19, agus go háirithe beartas an ráta úis ísil, gur leor bosca uirlisí an chreata Sócmhainneacht II chun déileáil leis na cásanna deacra. Ainneoin go raibh sin amhlaidh i bhformhór na gcásanna, ní thacaíonn CESE leis an argóint sin, mar sin féin. I bhfianaise na taithí a fuarthas ó ghéarchéimeanna airgeadais a bhí ann roimhe seo, measann CESE go bhfuil géarghá le bearta idirghabhála géarchéime a dhéanamh i gcéimeanna ar leibhéal an ghnóthais fiú sula sáraítear na híoscheanglais chaipitil, ar choinníoll go bhfuil comharthaí soiléire ann go bhfuil an cás ag dul in olcas. Cuireann CESE in iúl go mbeidh sé, agus na rialacha á gceapadh agus á gcur chun feidhme sa chleachtas, an-tábhachtach cúraimí ÚEAPC agus na n-údarás maoireachta náisiúnta a shainiú agus a leagan amach go soiléir.

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([2]) COM(2021) 582 final.